EUROPEAN
COURT
OF AUDITORS

CÚIRT INIÚCHÓIRI NA hEORPA

An Lá Cosanta Sonraí

An 28 Eanáir 1981, ghlac Comhairle na hEorpa Coinbhinsiún 108, a bhí ar an gcéad ionstraim idirnáisiúnta a bhí ina ceangal dlí i réimse na cosanta sonraí riamh. Chun an fhorbairt thábhachtach sin a chomóradh, déanann na ballstáit de Chomhairle na hEorpa, mar aon le hinstitiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh, an Lá Cosanta Sonraí a cheiliúradh an 28 Eanáir. Is é an cuspóir atá leis an lá, ar a dtugtar an Lá Príobháideachais Sonraí ar fud an domhain freisin, feasacht a mhúscailt agus dea-chleachtais phríobháideachais agus chosanta sonraí a chur chun cinn.

In 2018, chomhaontaigh sínitheoirí an Choinbhinsiúin prótacal leasaitheach chun an ionstraim a thabhairt cothrom le dáta. An tráth céanna, d'éirigh an Rialachán Ginearálta ón Aontas Eorpach maidir le Cosaint Sonraí, atá i bhfeidhm ón 25 Bealtaine 2018, ar an aon chreat rialála amháin le haghaidh sonraí pearsanta a láimhseáil ar fud an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. Tá forálacha maidir le haistrithe sonraí idirnáisiúnta i gCoinbhinsiún 108+ agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí araon.

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Lucsamburg
T +352 4398-1 **R** eca-info@eca.europa.eu **eca.europa.eu**